# CAMINO ÍOCÓNACH LE CHÉILE

## CEITHRE CHLUB, POBAL AMHÁIN


**18Ú DEIREADH FÓMHAIR, 2025**

**NÍ NEART GO CUR LE CHÉILE**

*THERE IS NO STRENGTH WITHOUT UNITY*



I GCOMHPHÁIRTÍOCHT LE ICONIC CAMINOS
AGUS WARRIORS FOR HUMANITY



# AN TURAS

Bí mar chuid de scéal oidhreachta, pobail, ceiliúrtha, agus laochais agus muid in éindí ar cheann de na turais is áille agus is spreagúla in Éirinn ó Loch Eidhneach beannaithe go baile aoibhinn an Líonáin.

Seo taithí an Camino Íocónach-ina gcastar áilleacht síoraí Chonamara ar luachanna síoraí an aontais, na folláine, agus na rúndaigne. Is léiriú é gach ciliméadar a shiúltar ar an tacaíocht, ar an dlúthpháirtíocht, agus ar an oidhreacht roinnte. Eagrófar e seo i gcomhpháirtíocht le Alan Kerins, a bhfuil fréamhacha áitiúla aige ach a bhfuil a thionchar le sonrú ar an domhan mór.

# ÚDAR NA SIÚLÓIDE

Tá níos mó i gceist leis seo ná Camino. Is deis iontach é seo don phobal. Siúlfaidh an cheithre chlub le chéile, gualainn le gualainn le hairgead a bhfuil géarghá leis a bhailiú agus bunchloch iontach a leagadh dóibh siúd nár rugadh fós.

Tá muid ag siúl ar son:

- Cumann Peile Bhearna Na Forbacha
- Club Lúthchleasaíochta Loch Lurgan
- Club Iománaíochta Bearna Na Forbacha
- Bearna Na Forbacha Aontaithe
- Coiste na Páirce (ár gcoiste forbartha pobail)
- Warriors for Humanity, gluaiseacht a chuireann leas domhanda chun cinn tríd an spórt

Cabhraíonn gach coisméig le maoiniú a dhéanamh ar fhorbairt agus cothabháil ár bpáirceanna áitiúla, áiseanna, agus páirceanna imeartha. Cothóidh an bhunchloch seo mórtas pobail, rannpháirtíocht, agus oidhreacht. Siúlfaimid le chéile go diongbháilte—ag tabhairt gradam don mhéid a tharla, ag neartú a bhfuil ag tarlú agus ag infheistiú sa méid atá le tarlú.

ICONIC CAMINOS

WARRIORS FOR HUMANITY

# POBAL AONTAITHE

Is léiriú é an Camino seo ar nasc pobail suntasach.

Don chéad uair riamh, tá ceithre eagraíocht spóirt maorga ag teacht le chéile agus aidhm amháin acu-comhoibriú agus cairdeas agus ní iomaíocht . Is annamh ach is iontach an gníomh aontais seo a mhúsclaíonn spiorad na meithle ina mbíonn daoine ag oibriú as lámh a chéile ar mhaithe leis an uile dhuine.

Más imreoir, cóitseálaí, tuismitheoir, tacaí, nó comharsa thú—is leatsa an Camino seo. Is ceiliúradh é ar chultúr, neart agus croí an phobail.

# AN TAITHÍ ÍOCÓNACH

Mar thoradh ar an €500 atá le bailiú agat gheobhaidh tú:

- T-léine Camino le suaitheantas comhroinnte de na clubanna uilig — siombal an aontais
- Pas comórtha don Chamino le chuile chlochmhíle a mharcáil
- Cainteoirí spreagúla, ceoltóirí iomráiteacha agus laochra spóirt mar aoíonna ar an turas
- Turas treoraithe lán le scéalta, machnamh, gáire agus amhráin

# EOLAS TÁBHACHTACH

- Cúrsa: Loch Eidhneach go dtí an Líonán (thart ar 15km)
- Dáta: 18ú Deireadh Fómhair, 2025
- Aois: 18+
- Íosmhéid atá le bailiú: €500 in aghaidh an rannpháirtí
- Spásanna Teoranta: 400 coisí
- Aidhm: Tacú le forbairt ár n-áiseanna pobail, clubanna spóirt agus Warriors for Humanity



# FÁG LORG I DO DHIAIDH

- Tugtar cuireadh dhuit, sa gcamino seo, a bheith páirteach i ngníomh comhchoiteann iontach.
- Tá níos mó i gceist ná bailiúchán airgid—beidh cairdeas, bród, rannpháirtíocht, agus tionchar fadtéarmach i gceist freisin. Bainfidh sliocht ár sleachta taitneamh agus tairbhe as toradh an imeachta seo. Taispeánfar an méid atá muid in ann a bhaint amach nuair a oibríonn muid le chéile, ní mar chlubanna difriúla ach mar phobal cumhachtach amháin

# BÍ LINN

- Tá teora leis an méid áiteacha atá ar fáil. Le clárú agus le tús a chur le do bhailiúchán airgid:
- https://www.idonate.ie/event/LeCheileCamino
- Nuacht is déanaí via: Grúpa WhatsApp "The Warriors"
- Teagmháil: secretary@coistenapairce.ie

